Rewarding Learning

ADVANCED
General Certificate of Education
2024

Na Taibhealaíona

Aonad A2 2:

Ag taibhiú de réir Threoir an Choimisiúin

[APA21]

Le Scrúdú Idir
Dé Luain 15 Aibreán agus Dé hAoine 17 Bealtaine 2024

Ábhar Spreagthach
Réamheisiúna

Intreoir

Tugann Aonad A2 2 an deis duit comhlacht léiriúcháin a chur le chéile agus imeacht a roghnú ó Threoir an Choimisiúin leagtha amach go seachtrach a dhéanfaidh tú a phleanáil agus a chur ar stáitse ansin. Mar bhall den chomhlacht léiriúcháin, déanfaidh tú ról riaracháin agus léireoidh tú do scileanna i do dhisciplín taibhealaíne roghnaithe (ó cheachtar de Thaibhiú nó Léiriú) ach do chuid smaointe a chur i gcrích go praiticiúil faoi choinne lucht féachana.

Treoracha

Glacfaidh tú **ceann amháin** de na róil seo a leanas:

- taibheoir (damhsa, dráma nó ceol);
- dearthóir (feisteas, seit);
- cóiréagrafaí/stiúrthóir/stiúrthóir ceoil;
- teicneoir (soilsithe, fuaime); nó
- bainisteoir stáitse.

Glacfaidh tú **ceann amháin** de na róil riaracháin seo a leanas fosta:

- fáilteachas;
- oifigeach sláinte agus sábháilteachta;
- buiséad agus airgeadas;
- oifigeach oideachais;
- preas-oifigeach; nó
- oifigeach poiblíochta.

Oibreoidh tú i ngrúpa ina bhfuil idir beirt agus seisear. Ba chóir go mbeadh taibheoir amháin ar a laghad i ngach grúpa. Ní féidir ach dalta **amháin** i ngach grúpa tabhairt faoi dhisciplín léirithe nó ról riaracháin ar leith. Ba chóir go mairfeadh do thaibhiú **15 nóiméad ar a laghad** do ghrúpaí níos lú agus **nach mairfeadh sé níos mó ná 40 nóiméad** do ghrúpaí níos mó.

Táirgfidh tú taifead d'obair a sheolfar go CCEA faoin dáta a leagann muid síos. Ba cheart go n-áireofaí leis seo:

- Tuairisc thaighde ina bhfuil:

  – Roinn 1: achoimre ar do thaighde ar leith bunaithe ar chomhthéacs sóisialta, cultúrtha agus stairiúil Threoir an Choimisiúin a roghnaigh tú (uasmhéid de 600 focal).
  – Roinn 2: anailís ar na cleachtais airgeadais agus mhargaíochta atá ag **dhá** ionad phroifisiúnta (uasmhéid de 600 focal).

- Achoimre ar do thorthaí ina bhfuil achoimre smaointe ó na cleachtais atá ag **dhá** ionad phroifisiúnta ceangailte leis an dóigh a ndearna tú an ról riaracháin a roghnaigh tú (uasmhéid de 600 focal).

- Fianaise de thascanna comhlánaithe: bunábhair riaracháin a tháirg tú agus bunaithe ar do ról riaracháin roghnaithe (uasmhéid de shé thaobh de pháipéar A4, nó a mhalairt, ag brath ar an fhianaise a tháirgeann tú).

- Luacháil (faoi choinníollacha rialaithe) ar:

  – an dóigh ar oibrigh an grúpa le chéile le haontú ar choincheap an taibhithe den treoir roghnaithe;
  – an dóigh ar oibrigh an grúpa le chéile le fadhbanna a imscrúdú agus réitigh a aimsiú, ar a n-áirítear spriocdhátaí a bhaint amach agus obair taobh istigh de bhuiséad;
  – an méid a rinne tusa mar dhuine aonair leis an treoir a chur i gcrích; agus
  – torthaí praiticiúla an róil riaracháin atá agat.

Déanfaidh do múinteoir maoirseacht ort agus beidh **uasmhéid de 45 nóiméad** agat leis an luacháil a chríochnú. Ba chóir duit uasmhéid de 600 focal a scríobh.

Caithfidh gach **grúpa** Bileog Taifeadta Scrúdaithe a chur isteach chuig CCEA faoin spriocdháta shainithe.

Agus tú ag fíorú Threoir an Choimisiúin ar lá an scrúdaithe phraiticiúil, measúnófar thú ar cheann amháin acu seo a leanas fosta:

Taibhiú
- do thaibhiú i ndamhsa, dráma nó ceol (**íosmhéid de 5 nóiméad** do gach iarrthóir).

nó

Léiriú
- do chur i láthair ar smaointe léirithe (**uasmhéid de 10 nóiméad** do gach iarrthóir) agus cur i gcrích do dhisciplín roghnaithe le linn an taibhithe.

Caithfidh **gach** iarrthóir bualadh leis an scrúdaitheoir sheachtrach roimh an taibhiú agus a bheith i láthair le linn an taibhithe.

Caithfidh iarrthóirí a gcuid smaointe léiriúcháin a chur i láthair don scrúdaitheoir sheachtrach roimh an taibhiú.

Caithfear do thaibhiú/chur i láthair a thaifeadadh. Ag tús do thaibhithe/chur i láthair caithfidh tú tú féin a chur in aithne le d'ainm, uimhir iarrthóra agus uimhir lárionaid.

Measúnú

Agus na rudaí seo a leanas tugtha san áireamh, measúnófar thú ar do thaifead oibre ar leith agus ar an méid a chuir tú leis an taibhiú deiridh:

- trí d'eolas agus do thuiscint ar thionscal na dtaibhealaíon (CM1);
- trí na scileanna agus teicnící atá faighte agat (CM2);
- tríd an dóigh ar chuir tú na scileanna agus na teicnící s'agat i bhfeidhm (CM3); agus
- trí d'anailís agus do luacháil ar do chleachtadh agus smaointe féin agus ar chleachtadh agus smaointe daoine eile (CM4).

Measúnófar thú fosta ar chaighdeán do chumarsáide scríofa.

Déanann sin tagairt do do chumas:
- le húsáid chruinn litrithe, poncaíochta agus gramadaí a chinntiú ionas go mbeadh an chiall soiléir;
- le foirm agus stíl scríbhneoireachta chuí a roghnú agus a úsáid; agus
- ábhar ábhartha a eagrú go soiléir agus go comhleanúnach, agus saintéarmaíocht a úsáid de réir mar is cuí.

Tabhair do d'aire le do thoil nach measúnófar caighdeán na cumarsáide scríofa sna hábhair riaracháin a tháirgeann tú mar fhianaise ar na tascanna atá comhlánaithe agat.

Is féidir le gach cumarsáid scríofa do do thuairisc thaighde, achoimre ar thorthaí agus measúnú a bheith lámhscríofa nó déanta ar phróiseálaí focal agus úsáid a bhaint as Arial, clómhéid 12 agus spásáil aon líne ar pháipéar A4.

Is é **80** an marc iomlán don Aonad seo.

Tá an leithdháileadh marcanna mar seo a leanas:

- CM1 – 8 marc
- CM2 – 16 mharc
- CM3 – 48 marc
- CM4 – 8 marc

A2 2:

Ag taibhiú de réir Threoir an Choimisiúin

Coimisiún 1

Imeacht a fhiosraíonn saincheist “dhúshlánach” atá dírithe ar lucht féachana piaraí.

Coimisiún 2

Imeacht atá faoi thionchar ceann de na rudaí seo a leanas:

- Stíl léirithe Chompántas Amharclannaíochta roghnaithe:
- Fuaimrian scannáin.
- Cóiréagrafaíocht an 21ú haois.

Coimisiún 3

Imeacht a bhfuil íomhá nó grianghraf suntasach mar thúsphointe aige.